Ag rith ar leac oighir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhear ó Chiarraí a rinne rás an-dian sa tSualainn. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail agus ar na frásaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat.

- *Sweden:* _____
- *international runner:* _____
- *he's happy/content:* _____
- *wild:* _____
- *unmerciful:* _____
- *landscape:* _____
- *the majority:* _____
- *uncomfortable:* _____
- *stretched out by the fire:* _____
- *breaking, defeating:* _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le seiceáil an raibh an ceart agaibh.

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo a leanas?

- *frozen lakes* _____
- *just* _____
- *trails* _____
- *sleeping bag* _____
- *really* _____
- *trudging* _____

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an mír den tríú huair agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cá raibh an rás agus cé mhéad ciliméadar a bhí i gceist?
2. Conas a bhí an aimsir?
3. Cé chomh fada is a ghlac sé ar Aodh an rás a dhéanamh?
4. Cén fáth a ndearna Aodh an rás?

Ceist 4 '… b'fhada…' agus '…b'ait…'

Seo thíos cúpla sampla den chopail san aimsir láithreach.

Is múinteoir é.
Is innealtóir í.
Is é Páras príomhchathair na Fraince.
Is leor sin.
Nach deas an gúna é?
Is é sin an duine is eolaí faoin scéal.
Ní hí an ghníomhaíocht is fusa í.
Iadsan na daoine is cliste sa tír.
Is annamh a thagann sé anseo.

Féach cad a tharlaíonn nuair a chuirtear na habairtí thuas san aimsir chaite:

Ba m**h**úinteoir é.
B'innealtóir í.
Ba é Páras príomhchathair na Fraince.
Ba leor sin.
Nár dheas an gúna é?
Ba é sin an duine **ab** eolaí faoin scéal.
Níorbh í an ghníomhaíocht **ab fh**usa í.
Iadsan na daoine **ba** c**h**liste sa tír.
B'annamh a thagadh sé anseo.

*Is ionann foirm na copaile san aimsir chaite, aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach.

Anois, athscríobh na habairtí thíos san aimsir chaite:

Ní hí an obair is deacra í.
Nach ise an bhean is airde sa seomra?
Sin iad na healaíontóirí is fearr léi.
Iadsan na daoine ar fiú éisteacht leo.
Ní hé sin an siopa a bhfuil mé ag caint faoi.
Sin é an ceoltóir is ansa liom.
Eisean an duine is sásta sa teach.
Ní fiú dul ann.
Ní hiad na fir úd a bhíonn ag clamhsán.
Mise an duine is óige sa chlann.

Ceist 5 An aidiacht bhriathartha

Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den aidiacht bhriathartha a chloiseann tú inti.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar mhaith leat féin rás mar seo a dhéanamh? Cén fáth?
2. Conas a mhothaigh Aodh le linn an rása agus ag deireadh an rása, dar leat?
3. Cén fáth a ndéanann daoine spóirt ghuaisbheartaíochta, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Sweden:	An tSualainn
international runner:	reathaí idirnáisiúnta
he's happy/content:	ar a sháimhín só
wild:	fiáin
unmerciful:	míthrócaireach
landscape:	taobh tíre
the majority:	formhór
uncomfortable:	míchompordach
stretched out by the fire:	sínte in aice leis an tine
breaking, defeating:	treascairt
frozen lakes:	lochanna reoite
just:	go díreach
trails:	conairí/cosáin
sleeping bag:	mála codlata
really:	i ndáiríre
trudging:	ag spágáil

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Ní hí an obair is deacra í.
Níorbh í an obair ba dheacra í.
Nach ise an bhean is airde sa seomra?
Nárbh ise an bhean ab airde sa seomra?
Sin iad na healaíontóirí is fearr léi.
Sin iad na healaíontóirí ab fhearr léi.
Iadsan na daoine ar fiú éisteacht leo.
Iadsan na daoine arbh fhiú éisteacht leo.
Ní hé sin an siopa a bhfuil mé ag caint faoi.
Níorbh é sin an siopa a raibh mé ag caint faoi.
Sin é an ceoltóir is ansa liom.
Sin é an ceoltóir ab ansa liom.
Eisean an duine is sásta sa teach.
Eisean an duine ba shásta sa teach.
Ní fiú dul ann.
Níorbh fhiú dul ann.
Ní hiad na fir úd a bhíonn ag clamhsán.
Níorbh iad na fir úd a bhíodh ag clamhsán.
Mise an duine is óige sa chlann.
Mise an duine ab óige sa chlann.

Ceist 5
Déanta, *fillte* agus *sínte*.

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó grúpaí de thriúr nó de cheathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ruairí Mac Con Iomaire
Anois, rás 230 ciliméadar trí shneachta agus leac oighir sa tSualainn. Ní beag an t-éacht an méid sin, ach sin é go díreach atá déanta ag Aodh Ó Corráin ó Chorca Dhuibhne agus é san iomaíocht sa rás *Arctic Ice Ultra*. Bhí dhá scór reathaí idirnáisiúnta sa rás déine agus d'éirigh le fear na Ríochta, an gcreidfeá, an tríú háit a bhaint amach.

Seán Mac an tSíthigh
Aodh Ó Corráin ar a sháimhín só agus é fillte ar Bhaile an Reannaigh. Ach b'fhada ó bhaile agus b'ait an áit ar thug a chosa é seachtain ó shin.

Ba é seo é agus é san iomaíocht i rás déine, *Artic Ice Ultra* – cúrsa dúshlánach, 230 ciliméadar trí thaobh tíre fiáin míthrócaireach.

Aodh Ó Corráin
Yeah, leac oighir agus sneachta agus bheifeá ag imeacht trasna cúpla sliabh agus ag imeacht ar na *frozen lakes* agus *just trails* ag imeacht trí na coillte. *So*, cúig lá ag rith gach aon lá. Bhí ort imeacht amach agus rith go dtí deireadh na céime[1] agus ansin do bhia agus gach aon rud a thabhairt leat féinig[2]. Do bhia agus gach aon rud a thabhairt…

Seán Mac an tSíthigh
Ar do dhroim?

Aodh Ó Corráin
Ar do dhroim, *yeah*, ar do dhroim, agus do *sleeping bag* agus gach aon rud agus…

Seán Mac an tSíthigh
Ba é an chuid ba mheasa, *really*?

Aodh Ó Corráin
No. Is dócha an chuid ba mheasa a bheith ag imeacht trasna an tsneachta agus uaireanta bheadh an sneachta saghas éadrom agus bheifeá ag imeacht isteach ann agus chaithfeá, ar nós *trudging* tríd a dhéanamh, agus… *But*, is dócha, bhí gach aon rud… Bhí sé suimiúil.

Seán Mac an tSíthigh
D'éirigh le hAodh an tríú háit a bhaint amach. Thóg sé tríocha a dó uair an chloig go leith air an cúrsa a chur de.

Aodh Ó Corráin
Bhí daichead duine ann agus bhíodar… tháinig siad ó gach aon áit. Bhí fear ann, fiú amháin, ó Hong Cong. Bhí sé an-tógtha leis an sneachta. Agus, formhór acu, tháinig siad ón Eoraip, ó Mheiriceá agus ón Astráil.

Seán Mac an tSíthigh
Cad ina thaobh a ndéanann tú na rudaí seo?

Aodh Ó Corráin
An-cheist í sin, Seán. Ní fheadar *really*, *just*… Is dócha déanann sé maitheas éigin duit, imeacht agus a bheith míchompordach i gcomhair cúpla lá. Agus nuair a thagann tú abhaile ansin bíonn gach aon rud deas nuair a bhíonn tú sínte in aice leis an tine. Bíonn sé deas agus, *just,* rud éigin a dhéanamh, is dócha.

[1] *deireadh na staide* a dúradh
[2] *féin* an leagan caighdeánach

Seán Mac an tSíthigh
Maratón an Daingin an chéad dúshlán eile aige. Ní baol dó treascairt seaca ansin.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne